

TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

BAINISTEOR TIONSCADAIL FRS NA GLEANNTA

An Oifig Tionscadail: RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43

Ríomhphost: glentiesfrs@rpsgroup.com

NAISC ÁBHARTHA

Láithreán Gréasáin: <https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs/>

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

NA GLEANNTA

Scéim Faoisimh Tuilte

Nuachtlitir Uimh. 9
Samhain 2022

<https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs/>



CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Tá an fhoireann tionscadail ag obair i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha leis an Rogha is Fearr do na Gleanntaí a aimsiú roimh an Lá Eolais don Phobal sa bhliain úr.

Tá bailiú eolais do Chéim I déanta, suirbhéanna san áireamh. Rinneadh calabhrú ar shamhail shonraithe ar ríomhaire d'Aibhneacha an Fhia, Shrath Chaisil agus Ghort na Muclach, de na cosaintí tuilte reatha, agus de na tuilmhanna lena chinntiú go gcrúinnléirítear léarscálú riosca tuilte sa cheantar. Rinneadh tástáil ar réimse imeachtaí tuilte sa samhail le gach sórt imeachta a mheas, folaíonn sin riosca diantuilte de dheasca athrú aeráide.

Nuair a sainithníodh na ceantair ina bhfuil riosca tuilte, baineadh úsáid as an tsamhail le feabhas réimse roghanna faoisimh tuilte a fhéacháil. Chuir an obair seo ar a gcumas ag an fhoireann liosta na roghanna féideartha a ghiorrú agus indéantacht theicniúil a bhaineann le cuid acu a mheas taobh le cúrsaí ar nós an tionchair ar chostas, tairbhe, tionchar ar an chomhshaol agus ar an phobal san áireamh.

Táimid anois ag déanamh scagadh ar an rogha is fearr mar atá breactha thíos.

ROGHA IS FEARR A FHORBAIRT

Measadh réimse roghanna bainistiú tuilte agus rinneadh samhail le luacháil a dhéanamh ar an scéim is éifeachtaí do na Gleanntaí. Amharcadh ar na beartais féideartha uilig, agus áirítear orthu na beartais sin atá i bPlean Bainistiú Riosca Tuilte an Iarthuaiscirt agus eile (www.floodinfo.ie). Tá sé seo tábhachtach lena chinntiú go meastar na féidearthachtaí uilig agus go mbunaítear ar an eolas is fearr a bhíonn ar fáil le bheith cinnte de go sainithnítear an rogha is fearr.

Rinneadh obair chostála ar roinnt roghanna le costas feadh saoil don dearadh a fháil. Faoi láthair tá an fhoireann ag déanamh mionbhriseadh síos ar na costais bunaithe ar an eolas margaíochta reatha is fearr.

Tá measúnú eacnamaíoch ar dhochar réadmhaoine réidh do FRS na nGleanntaí agus Cóimheas Costais-Sochair (BCR) déanta do na roghanna a aithníodh.

Tá Anailís Ilchritéar ar siúl le fiúntas gach rogha a mheas taobh le cuinsí teicniúla, comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha. Múnlóidh seo an dóigh a roghnófar an bealach chun tosaigh is fearr agus cinntíonn sé fosta go meastar buntáistí eile seachas i gcomhthéacs eacnamaíoch amháin.

Tá RPS ag obair ar thuairisc Roghanna Chéim I agus ar thuairisc ar Bheartais Cheaptha Dhúlra-bhunaithe le cuidiú leis an Ghrúpa Stiúrtha na chéad chéimeanna eile sa tionscadal a phleanáil.

LÁ EOLAIS DON PHOBAL

Socróidh an Fhoireann Tionscadail Lá Eolais don Phobal nuair a aimseofar na chéad chéimeanna eile sa tionscadal do na Gleanntaí. Is é an cuspóir don Lá Eolais don Phobal na le chur in iúl daoibh an dóigh ar baineadh úsáid as an eolas a tugadh ar an Chomhairliúchán Phoiblí (9 Samhain 2021 – 21 Nollaig 2021) leis an rogha is fearr do bhainistiú riosca tuilte a aithint.

MEASÚNÚ COMHSHAOIL

Chuir foireann chomhshaoil an RPS eolas leis an anailís ilchritéar do na roghanna a measadh, go háirithe i gcomhthéacs casta aibhneacha Shrath Chaisil agus An Fhia mar is aibhneacha dhiúilicíní péarla fionnuisce (FPM) iad.

Rinneadh suirbhéanna speisialtóirí iascaireachta agus FPM. Tá léarscálú gnáthóg agus suirbhéanna speiceas faoi chosaint déanta agus beidh a lorg sin ar mheasúnú comhshaoil don tionscadal. Féadann suirbhéanna speisialtóirí eile a bheith de dhíth ar an bhliain seo chugainn.

BREAC-CHUNTAS AR CHLÁR SCÉIM NA GLEANNTA

	Gníomhaíocht	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026
Céim 1	Bailiú Sonraí agus suirbhéanna	■						
	Anailís Hidreolaíochta		■					
	Anailís Hiodrálach		■	■				
	Anailís agus forbairt na Scéime		■	■	■			
Céim 2	Pleanáil				■	■		
Céim 3	Dearadh mionsonraithe na Scéime					■	■	
Céim 4	Oibreacha tógála						■	■
Céim 5	An Scéim á hOibriú							■

Tugtar amlínte de réir an mheastacháin reatha is fearr ach féadann siad athrú. Cuireadh dhá (2) mhí go garbh le Céim I de dheasca na gcastachtaí teicniúla a bhain leis an anailís.

NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Suirbhéanna: Tá na suirbhéanna sonraithe réidh agus tugadh an t-eolas deiridh don Fhoireann Tionscadail. Tá RPS ag plé faoi láthair le suirbhéanna breise le cur le himlíne na scéime.

Anailís Hidreolaíoch agus Anailís Hiodrálach: Tá an anailís hidreolaíoch déanta agus tá RPS ag obair faoi láthair leis an tuairisc hiodrálach a chríochnú.

Anailís agus Forbairt na Scéime: Tá RPS ag obair i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha leis an rogha is fearr a aithint. Tá RPS ag forbairt an tuairiscithe ar Anailís agus Forbairt na Scéime ina mbeidh tuairisciú breise ar chur i bhfeidhm na mbeartas ceaptha dúlra-bhunaithe, intógthacht, oibríocht agus cothabháil agus oiriúnú athrú aeráide.

Measúnú Comhshaoil: Nuair a dheimhnítear an rogha is fearr, déanfar Scagadh don Mheasúnú Chuí, Scagadh don Mheasúnú ar Thionchar ar Chomhshaol (EIA), agus más gá, Ráiteas Tionchair Natura agus Tuairisc ar Mheasúnú ar Thionchar ar Chomhshaol (EAIR).

Lá Eolais don Phobal: Tá Lá Eolais don Phobal beartaithe do thús 2023.